

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta



An Cnoc Indreábhán, Co. na Gaillimhe

Folúntas:

Bainisteoir Ginearálta Freagrach don Bhord Stiúrtha

Achoimre ar an Ról: Sárdheis bainistíochta é seo do bhainisteoir cumasach réamhghníomhach proifisiúnta a bheas freagrach don Bhord agus a ghlacfas freagracht foriomlán as dea-riaradh Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta. Tá a cheantar feidhme i gConamara Teas, agus tá an Comhar Creidmheasa faoi úinéireacht thart ar 9,000 agus sócmhainní dar luach €50 milliún aige.

Glacfaidh an t-iarrthóir a cheapfar ceannas ar fheidhmeanna an Chomhair Creidmheasa ó lá go lá agus déanfaidh sé/sí iad a bhainistiú agus a mheasúnú i gcomhréir le reachtaíocht, le rialacháin agus le caighdeáin dea-chleachtais ghnó agus le polasaithe an Chomhair Creidmheasa.

Beidh an té a cheapfar freagrach as:

- Pleananna straitéiseacha éifeachtacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an mBord
- Polasaithe agus córais airgeadais éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a choinneáil
- Dea-riaradh fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí tacaíochta an Chomhair Creidmheasa
- Bainistíocht éifeachtach acmhainní daonna tríd an gComhar Creidmheasa
- Cumarsáid agus comhordú éifeachtach le foireann, leis an mBord Stiúrtha, le Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (ILCU), le hIniúcháirí, le Gníomhaireachtaí Rialála, le meáin chumarsáide agus le heagraíochtaí leasmhara eile
- A chinntiú go gcoinnítear cumarsáid agus gaol proifisiúnta éifeachtach le baill an Chomhair Creidmheasa
- Treo straitéiseach an Chomhair Creidmheasa a phleanáil, a eagrú, a stiúradh agus a rialú de réir pholasaithe an Bhoird Stiúrtha.

Tréithe Inmhianaithe in Iarrthóirí:

- Taithí shuntasach i ról inchoimparáide bainistíochta le béim ar sheirbhísí airgeadais, chomh maith le cúlra gnó a léiríonn sárchumas cruthaithe ceannaireachta agus gnó
- Tuiscint shármhaith ar ghluaiseacht na gComhar Creidmheasa in Éirinn agus a riachtanais rialála agus reachtaíochta
- Cáilíocht tríú leibhéal gnó nó airgeadais, le taithí ar chórais airgeadais/teicneolaíochta faisnéise/riaracháin
- Scileanna sármhaithe forbartha foirne agus cleachtadh suntasach i ngnó a fhorbairt agus i gcaidreamh le foireann, le heagrais eile agus le gníomhaireachtaí Stáit agus Rialaithe a láimhseáil
- Tiomantas agus díograis leis an gcumas a bheith réamhghníomhach agus spreagúil chun torthaí a bhaint amach agus le seirbhísí éifeachtacha a chur ar fáil do bhaill an Chomhair Creidmheasa

Beidh scileanna cumarsáide den scoth, idir scríobh agus labhairt, I nGaeilge agus I mBéarla, riachtanach freisin.

Is post ‘PCF’ é seo a dteastóidh réamh-chead ó Bhanc Ceannais na hÉireann dó faoi chóras oiriúnachta agus ionracais an Bhainc d’fheidhmeanna rialaithe.

Fostóir Comhionannais é Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta

Is féidir iarratais le *curriculum vitae* a sheoladh tríd an bpost nó le ríomhphost.

Tríd an bpost chuig:

An Grúpa Earcaíochta
Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta
An Cnoc
Co. na Gaillimhe

Nó le ríomhpost chuig: post@cccholmcille.ie

Bí cinnte “Iarratas ar Phost” a chur go soiléir ar an gClúdach ar iarratais tríd an bpost, agus mar cheannteideal ar iarratais le ríomhphost.

Déanfar iarratasóirí a dhéanfaidh canbhasáil/stocaireacht a dhícháiliú.

**An t-am agus an dáta deireanach d’iarratais: 16.00 ar an 30
Bealtaine 2019**